

Clár

1.	Cad is Cúnamh Feirme ann?	3
2.	Conas a cháilítear do Chúnamh Feirme?	3
3.	Cad í an tástáil acmhainne?	4
4.	Cé mhéid is féidir a fháil?	7
5.	Conas a fhaightear an íocaíocht?	9
6.	Cá fhad a mhaireann an íocaíocht?	9
7.	An féidir an t-am a chaitear ar Chúnamh Feirme a áireamh ó thaobh tacaí fostaíochta agus oideachais a fháil?	10
8.	An féidir ranníocaíochtaí ÁSPC a dhéanamh fad is a fhaightear Cúnamh Feirme?	10
9.	An féidir sochair bhreise a fháil?	11
10.	Cathain agus conas a dhéantar iarratas?	11
11.	Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil?	12

Iúil 2013

Ó am go chéile athraíonn na coinníollacha cáilithe le haghaidh na scéimeanna seo againne. Déan seiceáil i gcónaí leis an Lárionad Intreo áitiúil, leis an Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil nó lenár Seirbhísí Eolais le fáil amach an bhfuil athrú ar na coinníollacha (féach leathanach 12 chun sonraí teagmhála a fháil).

Tá an t-eolas sa leabhrán seo i gceart agus é ag dul i gcló. Is mar threoir amháin atá an leabhrán seo, agus ní léirmhíniú dleathach atá ann.

1. Cad is Cúnamh Feirme ann?

Íocaíocht sheachtainiúil de réir tástála acmhainne is ea Cúnamh Feirme d'fheirmeoirí ar ioncam íseal.

Más feirmeoir thú agus má fhaigheann tú ioncam ó fhoirse eile (amhail féinfhostaíocht eile, fostaíocht inárachaithe nó caipiteal), ansin is féidir go gcáileoidh tú fós d'íocaíocht faoin Scéim um Chúnamh Feirme.

2. Conas a cháilítear do Chúnamh Feirme?

Cáileoidh tú don íocaíocht seo:

- más feirmeoir thú,
- má tá tú idir 18 mbliana agus 66 bliana d'aois, agus
- má chomhlíonann tú tástáil acmhainne.

Cé a mheastar ina fheirmeoir?

I dtaca leis an scéim seo, meastar i d'fheirmeoir thú má shaothraíonn tú talamh atá faoi d'úinéireacht nó atá ar léas agat agus a úsáideann tú chun críche fearachais nó saothraíochta*.

Má shaothraíonn tú talamh chun críche fearachais nó saothraíochta ach mura bhfuil an talamh sin faoi d'úinéireacht nó ar léas agat, ansin is féidir go gcáileoidh tú mar fheirmeoir fad is nach cuid de ghabháltas níos mó an talamh.

Caithfidh an talamh, agus coimíneacht san áireamh (is é sin, talamh atá i gcomhúinéireacht agat le húinéirí talún eile), a bheith laistigh den Stát. Ní bhfaighidh tú Cúnamh Feirme má ligeann tú ar léas nó ar cíos do thalamh ar fad do dhuine eile.

*Ciallaíonn fearachas nó saothraíocht an talamh a shaothrú d'fhonn toradh a bhaint as an talamh.

3. Cad í an tástáil acmhainne?

Is éard atá sa tástáil acmhainne ná caoi ar dhearbháil má tá do dhóthain acmhainne agat chun soláthar duit féin agus cé mhéid íocaíochta, má thugtar aon íocaíocht, a bhféadfaidh tú cáiliú di. Chun go gcáileoidh tú do Chúnamh Feirme, caithfidh tú a thaispeáint go bhfuil d'acmhainn faoi bhun leibhéil áirithe.

Is ionann d'acmhainn agus:

- aon ioncam ar leatsa, le do chéile, le do pháirtnéir sibhialta nó le do chomhchónaitheoir é
- maoin ar leatsa, le do chéile, le do pháirtnéir sibhialta nó le do chomhchónaitheoir í (seachas do bhaile cónaithe), agus
- sócmhainn(i) eile ar bith a d'fhéadfadh ioncam a chur ar fáil duit.

Nuair a bheidh an fhoirm iarratais **Feirm 1** líonta agus curtha isteach agat, tabharfaidh Cigire Leasa Shóisialaigh cuairt ort i do bhaile cónaithe. Iarrfar ort cáipéisí tacaíochta a chur ar fáil maidir le d'ioncam agus do chaiteachas, amhail cuntais, admhálacha marglainne, duillíní pá agus ráitis bhainc.

Acmainn ó ioncam feirme nó ó fhéinfhostaíocht eile

Measúnófar d'ioncam ó fheirmeoireacht agus ó fhéinfhostaíocht eile mar ollioncam a bhféadfar le réasún a bheith ag súil leis go bhfaighidh do chéile, do pháirtnéir sibhialta nó do chomhchónaitheoir é, lúide aon chostas a thabhóidh tú chun an t-ioncam sin a thuilleamh.

Bainfead feidhm as ioncam ón dá mhí dhéag roimhe sin mar threoir ó thaobh meastachán a dhéanamh ar an tuilleamh dóchúil sa todhcháí, ach ní dhéanfar talamh slán de go bhfaighfead tuilleamh na bliana roimhe sin sa bhliain le teacht. Cuirfead san áireamh an seans go dtarlóidh athruithe suntasacha aníos nó anuas ar ioncam ó bhliain amháin go bliain eile.

Roinnfimid an figiúr seo ar 52 chun an acmhainn sheachtainiúil a fháil. Is í an difríocht idir an acmhainn sheachtainiúil agus

méid seachtainiúil cuí na híocaíochta leasa shóisialaigh ná an méid airgid um Chúnamh Feirme is iníoctha.

Sampla

Is feirmeoir thú le duine fásta cáilithe (féach Cuid 4) agus triúr leanaí cáilithe. Tá 60 acra talún agat agus tá tú ag gabháil don fheirmeoireacht mheasctha.

Ioncam		Costais	
Díol an eallaigh	€9,900	Beostoc	€2,900
Díol na n-uan	€3,600	Leasachán	€2,500
Deontais agus		Tréidlia	€ 750
Fóirdheontais	€6,111	Leictreachas	€ 500
Ollioncam	€19,611	Deisiú	€3,900
		Saothar	€2,800
		Ús	€1,500
		Ollchostais	€14,850
		Ollioncam	€19,611
		Lúide costais	€14,850
		Brabús glan	€ 4,761

€4,761 roinnte ar 52 = €91.55 in aghaidh na seachtaine
Acmhainn slánaithe go = €92.00 in aghaidh na seachtaine

Méid cuí na híocaíochta leasa shóisialaigh ón 3 Aibreán 2013 €402.20
Lúide acmhainn € 92.00
Cúnamh Feirme = €310.20

Sa sampla seo, is é méid an Chúnamh Fheirme a d'fhéadfá a fháil ná €310.20.

Acmhainn ó REPS agus SACS

Déanaimid measúnú ar ioncam ón Scéim um Chaomhnú an Chomhshaoil Faoin Tuath (REPS), ón Scéim um Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (SACS) agus ón Scéim um Roghanna Comhshaoil Talmhaíochta (AEOS) ar deighilt ó ioncam feirme eile, trí úsáid a bhaint as an bhfoirmle thíos.

Foirmle	
<ul style="list-style-type: none"> - Ioncam ó REPS, SACS nó AEOS: - Lúide an chéad €2,540 - Roinn an freagra ar 2 - Lúide costais 	Luach bliantúil acmhainne
<ul style="list-style-type: none"> - Roinn an freagra ar 52 	Luach seachtainiúil acmhainne

Acmhainn ó fhostaíocht inárachaithe

Déanaimid measúnú ar d'ioncam glan (ollioncam lúide ÁSPC, an tobhach pinsin, dleachtanna ceardchumainn agus aoisliúntas) mar a leanas.

- Bainimid €20.00 de do ghlantuilleamh seachtainiúil maidir le gach lá a d'oibrigh tú suas go huasmhéid 3 lá (€60.00), agus déanaimid measúnú ar 60% d'fhuílleach an tuillimh mar acmhainn sheachtainiúil.

Obair shéasúrach

Má bhíonn fostaíocht shéasúrach agat, ní dhéanaimid measúnú ar do thuilleamh ach i rith na tréimhse ina mbíonn tú ag obair dáiríre.

An chaoi a ndéanaimid measúnú ar infheistíochtaí agus ar choigilteas

Ní ghlacaimid leis an bhfíorioncam ó infheistíochtaí agus ó choigilteas mar d'acmhainn. Ina áit sin, cuirimid na míreanna seo a leanas le chéile agus bainimid feidhm as foirmle chun áireamh a dhéanamh ar d'acmhainn:

- luach na n-infheistíochtaí agus na maoinne (seachas do bhaile cónaithe) in airgead tirim,
- airgead i gcuntais choigiltis, agus
- airgead ar láimh nó i gcuntas reatha.

Caipiteal:	Acmhainn sheachtainiúil a mheasúnaítear:
An chéad €20,000	Dada
€20,000 - €30,000	€1 sa €1,000
€30,000 - €40,000	€2 sa €1,000
Thar €40,000	€4 sa €1,000

Cad a tharlaíonn má oibríonn mo chéile, mo pháirtnéir sibhialta nó mo chomhchónaitheoir?

Ioncam ó fhostaíocht inárachaithe

Déanaimid measúnú ar ioncam do chéile, do pháirtnéara sibhialta nó do chomhchónaitheora ó fhostaíocht inárachaithe sa chaoi chéanna agus a dhéantar measúnú ar d'ioncam féin ó fhostaíocht inárachaithe.

Ioncam ó fhéinfhostaíocht

Déanaimid measúnú ar ioncam do chéile, do pháirtnéara sibhialta nó do chomhchónaitheora ó fheirmeoireacht nó ó fhéinfhostaíocht eile sa chaoi chéanna agus a dhéantar measúnú ar d'ioncam féin ó fhéinfhostaíocht.

Ioncam eile

Déanaimid measúnú ar ioncam eile de bhun a luacha in airgead tirim - mar shampla €1 i dtaca le gach €1 den ioncam.

4. Cé mhéid is féidir a fháil?

Ta d'íocaíocht comhdhéanta de ráta pearsanta duit féin agus méideanna breise do dhuine fásta cáilithe agus do leanaí cáilithe. Is ionann do ráta seachtainiúil íocaíochta agus an difríocht idir do mheasúnú seachtainiúil acmhainne agus ráta

uasta an Chúnaimh Fheirme a d'fhéadfá a fháil mura mbeadh aon acmhainn agat.

Chun a thuilleadh eolais ar rátaí íocaíochta a fháil, logáil isteach ar **www.welfare.ie**

Cé atá ina dhuine fásta cáilithe?

Má tá tú pósta, i páirtneireacht sibhialta nó ag comhchónaí le duine agus má tá tú ag cothabháil an duine sin go hiomlán nó go formhór, is féidir go bhfaighidh tú méadú don duine seo mar dhuine fásta cáilithe.

Má tá leanaí ina gcónaí leat agus más duine singil, baintreach (fir), páirtneir sibhialta marthanach nó duine idirscartha thú nó má tá do pháirtneireacht sibhialta díscailte, is féidir go bhfaighidh tú méadú um dhuine fásta cáilithe do dhuine atá 16 bliana d'aois nó os a chionn sin a thugann aire do do leanbh/leanaí, ar chuntar go bhfuil an duine ina c(h)ónaí leat agus á c(h)othabháil agat.

Ní bhfaighidh tú méadú um dhuine fásta cáilithe:

- má fhaigheann do chéile, do pháirtneir sibhialta nó do chomhchónaitheoir íocaíocht leasa shóisialaigh dá c(h)earth féin (**seachas** Sochar Míthreorach, Deontas Méala nó Sochraide, Íocaíocht Chaomnóra (Ranníocach), Íocaíocht Chaomnóra (Neamh-Ranníocach), Sochar Linbh nó Liúntas Leasa Forlíontach),

nó

- má tá do chéile, do pháirtneir sibhialta nó do chomhchónaitheoir dícháilithe ó íocaíochtaí dífhostaíochta a fháil mar gheall ar aighneas ceirde,

nó

- má ghlacann do chéile, do pháirtneir sibhialta nó do chomhchónaitheoir páirt i gcúrsa lánaimseartha oiliúna FÁS,

nó

- má fhaigheann do chéile, do pháirtneir sibhialta nó do chomhchónaitheoir liúntas oiliúna i dtaca leis an Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (SDOG/VTOS).

Cé atá ina leanbh cáilithe?

Is leanbh cáilithe é aon leanbh faoi bhun 18 mbliana d'aois a

chónaíonn leat de ghnáth.

Meastar freisin leanbh atá 18 mbliana d'aois nó os a chionn sin agus a chónaíonn leat de ghnáth ina leanbh cáilithe de do chuid ar feadh na tréimhse 3 mhí tar éis dó/di oideachas dara leibhéal a fhágáil nó Scrúdú na hArdteistiméireachta a dhéanamh.

Leanann leanbh atá 18 mbliana d'aois agus suas go 22 bhliain d'aois de bheith ina leanbh cáilithe go dtí deireadh na bliana acadúla ina sroicheann sé/sí 22 bhliain d'aois más in oideachas lánaimseartha de ló é/í.

Ráta an mhéadaithe um leanbh cáilithe

- Má cháilíonn tú do mhéadú i leith do chéile, do pháirtnéara sibhialta nó do chomhchónaitheora, gheobhaidh tú ráta **iomlán** an mhéadaithe um leanbh cáilithe do do leanbh/leanaí.
- Má fhaigheann do chéile, do pháirtnéir sibhialta nó do chomhchónaitheoir íocaíocht leasa shóisialaigh dá c(h)earth féin, gheobhaidh sé/sí **leath** an mhéadaithe um leanbh cáilithe is cuí dá (h)íocaíocht agus gheobhaidh tú **leath** an mhéadaithe um leanbh cáilithe le d'íocaíocht féin.

Ní bhfaighidh tú méadú um leanbh cáilithe má fhaigheann an leanbh íocaíocht leasa shóisialaigh (m.s. Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora nó Liúntas Míchumais) nó íocaíocht ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte dá c(h)earth féin.

5. Conas a fhaightear an íocaíocht?

Faightear an íocaíocht gach seachtain. Féadfaidh tú an rogha a dhéanamh go n-íofar an íocaíocht go díreach isteach i do chuntas bainc nó tríd an Ríomhaistriú Faisnéise (EIT) in oifig an phoist, agus do chárta seirbhísí sóisialacha á úsáid agat, rud a ligfidh duit leas a bhaint as an Scéim Bhuiséid don Líon Tí i d'oifig áitiúil an phoist.

6. Cá fhad a mhaireann an íocaíocht?

Féadfaidh tú Cúnamh Feirme a fháil fad is:

- a leanfaidh tú d'fheirm a shaothrú,
- a bheidh tú idir 18 mbliana agus 66 bliana d'aois, agus
- a chomhlíonfaidh tú an tástáil acmhainne.

7. An féidir an t-am a chaitear ar Chúnamh Feirme a áireamh ó thaobh tacaí fostaíochta agus oideachais a fháil?

Is féidir. Féadfaidh an t-am a chaitear ar Chúnamh Feirme cabhrú leat cáiliú do chúrsaí oiliúna FÁS, do Scéimeanna Fostaíochta Pobail, do Scéim Shóisialta na Tuaithe, don Liúntas um Fhilleadh ar Obair agus don Chlár um Fhilleadh ar Oideachas.

8. An féidir ranníocaíochtaí ÁSPC a dhéanamh fad is a fhaightear Cúnamh Feirme?

Ón 1 Eanáir 2007, ní scaoiltear custaiméirí an Chúnamh Fheirme a thuilleadh ón dualgas ó thaobh ÁSPC a íoc. Is féidir go mbeidh tú faoi dhliteanas ranníocaíochtaí Aicme 'S' a íoc ar d'ioncam ón bhféinfhostaíocht. Mura bhfuil tú cláraithe mar dhuine féinfhostaithe cheana, déan teagmháil le d'oifig chánach áitiúil, le do thoil. Nuair a sheolfaidh tú do thuairisceán bliantúil chuig an oifig chánach áitiúil, cuirfidh siad in iúl duit más gá duit ÁSPC a íoc. Mura gá duit ÁSPC a íoc, is féidir go mbeidh tú in ann Ranníocaíochtaí Deonacha a íoc.

Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar **www.welfare.ie** nó déan teagmháil le:

Rannóg na Ranníocaíochtaí Deonacha

An Roinn Coimirce Sóisialaí
Seirbhísí Leasa Shóisialaigh
Bóthar Chorcaí
Port Láirge

Íosghlao: 1890 690 690 (ó Phoblacht na hÉireann amháin), nó
+ 353 14 715898 (ó Thuaisceart na hÉireann nó ón gcoigríoch).

9. An féidir sochair bhreise a fháil?

Má fhaigheann tú Cúnamh Feirme, is féidir go bhfaighidh tú:

- Liúntas Breosla (faoi réir coinníollacha áirithe), agus freisin, agus é ag brath ar d'ioncam iomlán, is féidir go bhfaighidh tú:
- cárta leighis (ó oifig réigiúnach Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte),
- Liúntas Leasa Forlíontach, Forlíonadh Cíosa nó Úis Mhorgáiste nó Liúntas Éadaí agus Coisbhirt um Fhilleadh ar Scoil.

Déan seiceáil leis an oifigeach a riarann an Scéim um Liúntas Leasa Forlíontach i d'oifig áitiúil a riarann an Scéim um Liúntas Leasa Forlíontach.

Is féidir go mbeifear in ann Liúntas Cúramóra ar leathráta a fháil mar aon le Cúnamh Feirme.

Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar www.welfare.ie.

10. Cathain agus conas a dhéantar iarratas?

Féadfaidh tú iarratas a dhéanamh ar Chúnamh Feirme tríd an bhfoirm iarratais **Feirm 1** a líonadh, foirm is féidir leat a fháil ó na háiteanna seo a leanas:

láithreán gréasáin na Roinne ar www.welfare.ie,

nó

Líne Iarrtha Bileog Íosghlaonna na Roinne ar **1890 20 23 25**,

nó

d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil.

Cuir an fhoirm iarratais líonta **Feirm 1**, in éineacht leis na teastais agus na cáipéisí is cuí, chuig d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil.

Tabhair faoi deara

Ní gá duit cuairt a thabhairt ar do Lárionad Intreo áitiúil ná 'siniú' a dhéanamh chun Cúnamh Feirme a éileamh.

11. Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil?

Chun a thuilleadh eolais ar Chúnamh Feirme a fháil, déan teagmháil le do Lárionad Intreo áitiúil nó le d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil.

Chun leabhráin eolais, foirmeacha iarratais agus a thuilleadh eolais ar sheirbhísí leasa shóisialaigh a fháil:

- Logáil isteach ar **www.welfare.ie**.
- Glaoigh ar an Líne Eolais Íosghlaonna ag **1890 66 22 44** (ó Phoblacht na hÉireann amháin) nó **+353 71 91 93313** (ó Thuaisceart na hÉireann nó ón gcoigríoch).
- Buail isteach chuig do Lárionad Intreo áitiúil, d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil nó d'Ionad Faisnéise do Shaoránaigh.

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhféadfadh soláthraithe seirbhíse éagsúla rátaí éagsúla a ghearradh as úsáid uimhreacha 1890 (íosghlao).

Leabhráin áisiúla eile

Clár um Fhilleadh ar Oideachas	SW 70
Liúntas Éadaí agus Coisbhirt um Fhilleadh ar Scoil	SW 75
Liúntas um Fhilleadh ar Obair (Fostaithe)	SW 93
Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair	SW 92
Scéim Náisiúnta Bhreosla	SW 17
Leabhrán ar Rátaí Íocaíochta	SW 19
Liúntas Leasa Forlíontach	SW 54